



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2014

CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL (400 marc)

DÉ LUAIN 16 MEITHEAMH 2014 – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc)

Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc)

Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhir 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc)

Tá 2 cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt d'obair atá ceart.

ROINN 1 (120 Marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Cuntais Deiridh Cuideachta

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Slanwey Teo ar 31/12/2013.

	€	€
Scairchaipiteal		
Údaraithe – 800,000 Gnáthscair ar €1 an ceann		
Eisithe – 600,000 Gnáthscair ar €1 an ceann		600,000
Foirgnimh.....	700,000	
Paitinní.....	43,000	
Trealamh Oifige (costas €49,000)	36,000	
Veaineanna Seachadta (costas €60,000).....	50,000	
Dímheas Carntha – Foirgnimh		85,000
Diólacháin.....		748,000
Ceannacháin.....	409,000	
Aischiú Amach (Aischur Ceannachán)		15,800
Féichiúnaithe.....	139,000	
Creidiúnaithe.....		31,000
Pá/Tuarastail.....	137,000	
Lascaine Faighte		2,900
Stoc Stáiseanóireachta (01/01/2013)	2,500	
Stáiseanóireacht	6,300	
Stoic na nEarraí le hathdhíol 01/01/2013).....	82,900	
CBL.....		14,200
Soláthar in aghaidh Drochfhiach.....		5,300
Fógraíocht.....	37,300	
Árachas.....	11,000	
Bintiúir 6% (Eisithe 01/04/2013)		120,000
Banc.....	36,200	
Táillí Stiúrthóirí.....	17,000	
Iarmhéid Brabúis/Caillteanais 01/01/2013.....		<u>85,000</u>
	<u>1,707,200</u>	<u>1,707,200</u>

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

- (i) Stoic ar 31/12/2013
Earraí le hathdhíol €44,200.
- (ii) Stoc Stáiseanóireachta ar 31/12/2013 €2,700.
- (iii) Árachas don bhliain dar críoch 31/03/2014.
- (iv) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:
 - Foirgnimh - 10% den chostas
 - Trealamh Oifige - 20% % dá luach de réir na leabhar
 - Veaineanna Seachadta - 10% den chostas.
- (v) Fógraíocht dlite ar 31/12/2013 €1,600.
- (vi) Soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú i leith 5% de na féichiúnaithe.
- (vii) Déan soláthar d'Ús Bintiúir dlite ar 31/12/2013.
- (viii) Déan soláthar do Cháin Chorparáide €9,000.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2013. (80)
- (b) Clár Comhardaithe a ullmhú mar a bheadh ar 31/12/2013. (40)

(120 marc)

2. Dímheas agus Athluacháil Shócmhainní Seasta

Tógadh na sonraí seo a leanas as leabhair Moondrop Teo:

01/01/2012	Foirgnimh ar a gcostas €720,000 san iomlán.
01/01/2012	Ba é an t-iarmhéid sa Chuntas Soláthar in aghaidh Dímheasa ná €86,000.
01/06/2012	Cheannaigh foirgneamh ar €130,000.
01/07/2012	Dhíol foirgneamh ar €95,000, a chosain €120,000. Ba é €70,000 luach an fhoirgnimh sin de réir na leabhar ar 01/07/2012.
31/12/2012	Ba é an dímheas iomlán don bhliain dar chríoch 31/12/2012 ná €38,000.
01/01/2013	Rinneadh na foirgnimh a athluacháil ar €800,000.
31/12/2013	Déan soláthar in aghaidh dímheasa ar ráta 4% de luach na bhfoirgneamh ar 01/01/2013.

Iarrtar ort a thaispeáint:

- (a) **Cuntas na bhFoirgneamh** don dá bhliain **2012** agus **2013**. (15)
- (b) **An Cuntas Soláthar in aghaidh Dímheasa** don dá bhliain **2012** agus **2013**. (20)
- (c) **Cuntas Dhiúscairt na bhFoirgneamh** don bhliain dar chríoch **31/12/2012**. (15)
- (d) **An Cuntas Cúlchiste Athluachála**. (10)

(60 marc)

3. Ráiteas Táblach

Léiríonn an clár comhardaithe seo a leanas suíomh Bhríd Nic Éinrí, Trádálaí Aonair, ó thaobh airgid, mar a bhí ar 01/10/2013.

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/10/2013

	€	€	€
Sócmhainní Seasta			
Foirgnimh		400,000	
Veaineanna Seachadta		<u>75,000</u>	
			475,000
Sócmhainní Reatha			
Stoc		49,000	
Féichiúnaithe		12,000	
Banc		<u>31,000</u>	
		92,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe	18,000		
Speansais dlite	<u>300</u>	<u>18,300</u>	
			<u>73,700</u>
			<u>548,700</u>
Maoinithe ag:			
Caipiteal			520,000
Cuntas Brabúis/Caillteanais			<u>28,700</u>
			<u>548,700</u>

Tharla na bearta seo a leanas le linn mí Dheireadh Fómhair 2013:

- 4 DF D'íoc le seic speansais a bhí dlite ag tús na míosa.
- 7 DF Cheannaigh earraí ar cairde €14,600.
- 12 DF Cheannaigh veain seachadta nua ar €18,000. Íocadh éarlais de €6,000 le seic agus fuarthas an fuíoll ar iasacht ó Easy Finance Teo.
- 15 DF Fuair seic €3,800 ó fhéichiúnaí mar lánghlanadh ar fhiach de €4,000.
- 18 DF D'íoc le seic €1,800 ar dheisiúcháin ar theach príobháideach.
- 20 DF Fuair lascaine €80 agus iarmhéid cuntas creidiúnaí de €600 á íoc.
- 21 DF Dhíol earraí ar €6,500, a chosain €5,000 an chéad lá riamh. Lóisteáladh an tsuim seo.

Iarrtar ort:

An éifeacht a bhain le gach ceann de na bearta thuas ar na sócmhainní agus na dliteanais ábhartha a thairfeadh ar ráiteas táblach.

Na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/10/2013 a thaispeáint.

(60 marc)

4. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe

Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair Tom de Róiste le linn Mhárta 2014:

	€
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 01/03/2014 Dr	58,300
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe 01/03/2014 Sr	2,100
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 01/03/2014 Sr	63,200
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe 01/03/2014 Dr	900
Díolacháin (Díolacháin ar Airgead Tirim 8,400 san áireamh)	97,800
Aischiú Isteach (Aischiú Díolachán)	800
Ceannacháin (Ceannacháin ar Airgead Tirim 2,400 san áireamh)	72,500
Aischiú Amach (Aischiú Ceannachán)	1,500
Lascaine Lamháilte	1,600
Lascaine Faighte	2,800
Billí Infhaighthe eisithe	4,100
Billí Iníoctha glactha	2,500
Lascaine Dícheadaithe do Tom de Róiste	300
Seiceanna faighte ó chustaiméirí	66,200
Seiceanna íoctha le soláthraithe	59,700
Ús gearrtha ag Tom de Róiste ar chuntais dlite thar téarma	2,900
Aistriú ó Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe go Mórleabhar na gCreidiúnaithe	3,200
Seiceanna faighte obtha	1,700
Drochfhiacha díscríofa	3,500
Iarmhéid Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe ar 31/03/2014	510 Sr
Iarmhéid Mhórleabhar na gCreidiúnaithe ar 31/03/2014	740 Dr

Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú do Mhárta 2014:

- (a) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe. (30)
- (b) Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe. (30)

(60 marc)

ROINN 2 (200 Marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú ar Chuntais

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Mhic Róibín Teo don bhliain dar chríoch 31/12/2013:

Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2013

	€	€
Díolacháin Chreidmheasa		510,000
Lúide: <u>Costas Díolachán</u>		
Stoc 01/01/2013	98,000	
Móide: Ceannacháin ar Cairde	<u>260,000</u>	
	358,000	
Lúide: Stoc 31/12/2013	<u>????</u>	
Costas Díolachán		<u>336,000</u>
Ollbhrabús		????
Lúide: Speansais Iomlána (ús san áireamh)		<u>94,000</u>
Glanbhrabús don bhliain		<u>80,000</u>

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2013

	€	€
Sócmhainní Seasta		553,000
Sócmhainní Reatha	63,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain		
Creidiúnaithe Trádála	<u>36,000</u>	<u>27,000</u>
		<u>580,000</u>
Maoinithe ag:		
Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain		
Bintiúir 4% (2019/2020)		100,000
Caipiteal agus Cúlchistí	Údaraithe	Eisithe
Gnáthscaireanna ar €1 an ceann	500,000	400,000
Cuntas Brabúis agus Cailteanais		<u>80,000</u>
		<u>580,000</u>

- (a) **Iarrtar ort a ríomh:** (déan an t-áireamh go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí.)
- (i) An figiúr don Stoc ar Deireadh
 - (ii) An figiúr don Ollbhrabús
 - (iii) An ráta Láimhdeachais Stoic
 - (iv) An tréimhse chreidmheasa a fuarthas ó Chreidiúnaithe Trádála
 - (v) An Cóimheas Fíorthástála (40)
- (b) **Mínigh** na téarmaí seo a leanas agus luaigh an bhaint atá acu leis an gClár Comhardaithe thuas:
- (i) Bintiúir 4% (2019/2020)
 - (ii) Cistí na Scairshealbhóirí
 - (iii) Scairchaipiteal Údaraithe
 - (iv) Creidiúnaithe Trádála (40)
- (c) An mbeadh deacracht ag Mac Róibín Teo a mbillí a íoc de réir mar a bheidís? Mínigh do fhreagra. (10)
- (d) An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid do 2012 ná 12%.
- (i) Ríomh an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid do 2013.
 - (ii) Déan trácht ar bhrabúsacht Mhic Róibín Teo in 2013. (10)

(100 marc)

6. Cuntais Chlub

San áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Chlub Rugbaí Superfast ar 01/01/2013 bhí siad seo a leanas:

Clubtheach/Páirceanna imeartha €430,000; Trealamh €37,000; Infheistíochtaí €15,000; Stoc Beáir €5,200; Creidiúnaithe Beáir €400; Síntiúis réamhíochta na mBall €900; Airgead ar láimh €19,500.

Iarrtar ort:

(a) Ráiteas a ullmhú a léiríonn **Ciste Carntha** an chlub ar 01/01/2013. (20)

Is achoimre ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí an Chlub don bhliain 2013 é seo a leanas:

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2013

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Airgead ar láimh 01/01/2013	19,500	Duaiseanna Lató an Chlub	22,000
Díolacháin Bheáir	27,400	Ceannacháin Bheáir	23,400
Fáltais Lató an Chlub	58,200	Speansais Ghinearálta	11,200
Síntiúis	33,900	Ceannach trealaimh	4,100
Ús ar infheistíochtaí	1,500	Árachas	6,400
Urraíocht Bhliantúil	14,000	Iarmhéid airgid 31/12/2013	87,400
	<u>154,500</u>		<u>154,500</u>

Thug an Cisteoir an t-eolas seo a leanas leis ar **31/12/2013**.

- (i) Stoc Beáir €3,600
- (ii) Creidiúnaithe Beáir €1,200
- (iii) Speansais ghinearálta dlite €700
- (iv) Síntiúis dlite ó bhail €600
- (v) Tá dímheas de 25% le déanamh ar threalamh a bhí ann ar 31/12/2013
- (vi) Déan an Clubtheach/na Páirceanna imeartha a dhímheas de 5% den chostas.

Iarrtar ort:

(b) **Cuntas Trádála Beáir** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2013. (8)

(c) **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** an chlub a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2013. (34)

(d) **Clár Comhardaithe** an chlub ar 31/12/2013 a ullmhú. (30)

(e) An difríocht a mhiniú idir an iarmhéid deiridh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar a ríomhadh i (c) thuas agus an iarmhéid deiridh de €87,400 sa Chuntas Fáltas agus Íocaíochtaí a thaispeántar thuas. (8)

(100 marc)

7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas a leabhair Uí Mhaoldúin Teo:

Brabús agus Caillteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2013

Brabús Oibriúcháin	156,000
Ús Íoctha	<u>(12,000)</u>
	144,000
Cáin	<u>(25,000)</u>
	119,000
Díbhinní íoctha	<u>(14,000)</u>
Brabús Coinnithe	105,000
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 01/01/2013	<u>18,000</u>
Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 31/12/2013	<u>123,000</u>

Cláir Comhardaithe mar a bhí ar

	31/12/2013		31/12/2012	
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta				
Talamh agus Foirgnimh	640,000		490,000	
Lúide soláthar in aghaidh dímheasa	<u>(108,000)</u>	532,000	<u>(49,000)</u>	441,000
Sócmhainní Reatha				
Stoc	48,000		50,000	
Féichiúnaithe	26,000		21,000	
Airgead	<u>17,000</u>		<u>24,000</u>	
	<u>91,000</u>		<u>95,000</u>	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain				
Creidiúnaithe	9,000		5,000	
Cáin	<u>25,000</u>		<u>21,000</u>	
	<u>(34,000)</u>		<u>(26,000)</u>	
Glansócmhainní Reatha		<u>57,000</u>		<u>69,000</u>
Glansócmhainní Iomlána		<u>589,000</u>		<u>510,000</u>
Maoinithe ag				
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain				
Bintiúir 6%		150,000		200,000
Caipiteal agus Cúlchistí				
Gnáth-scairchaipiteal eisithe		300,000		280,000
Scairbhiseach		16,000		12,000
Cuntas Brabúis agus Caillteanais		<u>123,000</u>		<u>18,000</u>
		<u>589,000</u>		<u>510,000</u>

Iarrtar ort:

- (a) An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)
- (b) An **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** a ullmhú do Ó Maoldúin Teo don bhliain dar chríoch 31/12/2013 faoin na ceannteidil seo a leanas:
- Gníomhaíochtaí Oibriúcháin
 - Toradh ar Infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
 - Cáin
 - Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
 - Díbhinní cothromais íoctha
 - Maoiniú. (65)
- (c) An Glansreabhadh Airgid a **réiteach** leis an Athrú ar na Glanfhiacha. (5)

(100 marc)

ROINN 3 (80 Marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Costáil Imeach

Táirgeann Mango Teo táirge amháin. Seo an buiséad atá molta don bhliain seo chugainn:

	€	€
Díolacháin (80,000 aonad)		960,000
Costais Athraitheacha	400,000	
Costais Sheasta	<u>73,000</u>	<u>473,000</u>
Glanbhrabús		<u>487,000</u>

Iarrtar ort:

- (a) An praghas díola **in aghaidh an aonaid** a ríomh.
- (b) An costas athraitheach **in aghaidh an aonaid** a ríomh.
- (c) An **Cion Tairbhe** in aghaidh gach aonaid a dhíoltar a ríomh.
- (d) An **Pointe meá ar mheá** i méid na tráchtála (**na n-aonad**) a ríomh.
- (e) An **lamháil sábháilteachta** ina Aonaid agus i Luach na nDíolacháin a ríomh, más é **30,000** líon na ndíolachán buiséadaithe don tréimhse.
- (f) An leibhéal táirgeachta agus an t-ioncam ó dhíolacháin a thabharfaidh brabús €300,000 a ríomh.
- (g) Mínigh an téarma ‘Costas Seasta’ maidir le buiséad táirgeachta. Tabhair sampla **amháin** de ‘Chostas Seasta’ a bhféadfadh sé go mbeadh ar Mango Teo é a thabhtú.

(80 marc)

9. Buiséadú Airgid

Is iad seo na sócmhainní, na dliteanais agus an caipiteal a bhí ag Máire Ní Earcáin ar 01/01/2014.

Sócmhainní	€
Sócmhainní Seasta	295,000
Stoc	34,000
Airgead	28,300
Féichiúnaithe	<u>76,400</u>
	<u>433,700</u>

Dlíteanais	
Creidiúnaithe	33,700
Caipiteal	<u>400,000</u>
	<u>433,700</u>

Is iad seo a leanas na díolacháin agus na ceannacháin a bhfuil súil leo sna 5 mhí seo chugainn:

	Ean.	Feabh.	Már.	Aib.	Beal.	Iomlán
Díolacháin	€54,300	€91,100	€78,200	€67,800	€83,100	€374,500
Ceannacháin	€38,100	€58,300	€37,200	€24,300	€38,500	€196,400

- Tá na díolacháin go léir ar cairde agus íoctar astu aon mhí amháin tar éis díola.
- Tá na ceannacháin go léir ar cairde, **ach amháin** €24,000 in Airgead Tirim i Márta, agus íoctar astu aon mhí amháin i ndiaidh an mhí inar ceannaíodh iad.
- €18,600 le híoc in aghaidh an mhí ar phá.
- Trealamh le ceannach in Aibreán ar €9,000 in airgead tirim.
- Tá an t-áitreabh ar cíos ag Máire ar €36,000 **sa bhliain** iníoctha go míosúil.
- Táthar ag súil le stoc ar deireadh €28,300 ar 31/05/2014.
- Táthar ag súil le Glanbhrabús de €64,400 do na cúig mhí.

Iarrtar ort:

- Buiséad Airgid** a ullmhú a léiríonn Fáltais agus Íocaíochtaí míosúla measta Mháire Ní Earcáin sna cúig mhí Eanáir go Bealtaine 2014 chomh maith le colún na n-iomlán don tréimhse seo.
- Clár Comhardaithe **Buiséadaithe** a ullmhú mar ar bheadh ar 31/05/2014.
- Tabhair **dhá** phíosa eolais a d'fhéadfadh Máire a bhaint as an mbuiséad airgid a ullmhaíodh.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán